# Fóram um Chuimsiú Sóisialta

9th Samhain2011

Tuarascáil Comhdháil

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Department of Social Protection

www.welfare.ie

# Fóram um Chuimsiú Sóisialta

**arna foilsiú ag:**

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**

**Teach Gandon, Sráid Amiens,**

**Baile Átha Cliath 1.**

*ISBN:* 978-1-908109-09-5

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2012

PRN:A12/0457

Baile Átha Cliath, Éire 2011

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Alt I | Tús eolais | 4 |
| Alt II | Acknowledgements | 6 |
| Alt III | Seacht gcinn de phríomh-mholtaí do lucht déanta beartas | 8 |
| Alt IV | Focail Thosaigh agus Léirithe | 10 |
| Alt V | Ceardlanna | 13 |
| | (i) Leanaí | |
| | (ii) Daoine inAois Oibre | |
| | (iii) Daoine Scothaosta | |
| | (iv) Daoine faoi Mhíchumas | |
| | (v) Athbhreithniúar and Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta | |
| Alt VI | Léirithe ina dhiaidh | 23 |

# Alt 1
# Tús eolais



## 1. Tús eolais

Bhunaigh an rialtas an Fóram um Chuimsiú Sóisialta mar cheann de na struchtúir a ceapadh chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016* na hÉireann. Thug an rialtas an fhreagracht don Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí an Fóram um Chuimsiú Sóisialta a thionóil. Príomheilimint de ghealltanas an rialtais chun dul i gcomhairle le gach geallsealbhóir cuí is ea an Fóram. I measc na ngeallsealbhóirí sin tá daoine bochta agus na grúpaí a ionadaíonn ar a son sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Deis is ea an Fóram do chaidreamh idir oifigigh ó ranna rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus daoine bochta i dtaobh an *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta.* D'eagraigh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta Fóram na bliana 2011 i gcomhar le Comhar na nOibrithe Pobail (CWC) agus Gréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa na hÉireann (EAPN).

Is é cuspóir an Fhóraim bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta deis a thabhairt d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair laistigh den earnáil pobail agus deonach go háirithe:

- A dtuairimí a thabhairt ar phríomhcheisteanna beartais agus feidhmithe;
- Baic agus srianta ar dhul chun cinn a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr le dul i ngleic leo; agus
- Tograí a sholáthar le haghaidh forbairtí nua agus beartais níos éifeachtaí sa todhchaí.

Ba iad na téamaí a pléadh ag  Fóram 2011 (1) an t-athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta agus (2)conas freagairt do thionchar sóisialta na géarchéime geilleagraí.

Soláthraíonn an tuarascáil seo achoimre ar an ochtú cruinniú den Fhóram ar an gCéadaoin, an 9 Samhain ag Ionad F2, 3 Plás Reuben, Rialtó, Baile Átha Cliath 8.  Áirítear air achoimre ar na príomhphointí a tharraing aoichainteoirí anuas, na nithe a pléadh i gcúig cinn de cheardlanna comhuaineacha agus na ceisteanna agus na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Lena chois sin, aibhsítear seacht gcinn de mholtaí foriomlána le cur faoi bhráid lucht déanta beartas. Cuirfear an tuarascáil seo i láthair Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach ar Bheartas Sóisialta agus faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.



# Alt 2

## Focail Bhuíochais

## 2. Focail Bhuíochais

Admhaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí an tacaíocht agus an cúnamh a fuarthas ó Chomharchumann na nOibrithe Pobail agus ó Líonra Frithbhochtaineachta na hEorpa na hÉireann chun an Fóram um Chuimsiú Sóisialta a eagrú agus leis na ceardlanna ullmhúcháin a eagraíodh i gcomhar chun go bhféadfadh daoine bochta smaoineamh ar an tslí ar mhaith leo féin rannchuidiú le hobair an Fhóraim. Gabhaimid buíochas ó chroí leis leo siúd ar fad a ghlac páirt agus a rannchuidigh ar an lá.

Gabhaimid buíochas ó chroí chomh maith leis na daoine seo a leanas a bhreac nótaí sna ceardlanna: Ciaran Diamond, Joanne Mulholland, Deirdre Bodkin, Maeve O'Sullivan agus David Logan. Ba mhór an chabhair a gcuid miontuairiscí cúramach chun an tuarascáil seo ar thorthaí an Fhóraim a chur i dtoll a chéile.



# Alt 3

# Seacht gcinn de phríomh-mholtaí do lucht déanta beartas

## 3. Seacht gcinn de phríomh-mholtaí do lucht déanta beartas

Cé gur iomaí saincheist thábhachtach agus príomhphointe a aithníodh ó aschur na gceardlann, a bhfuil tábhacht leo ar fad maidir le feabhas a chur ar bheartas agus ar sheachadadh seirbhíse, tá roinnt príomhphointí ann a bhfuil tábhacht chomh ginearálta sin leo ar mhaithe leis an b*Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta* gur gá aird ar leith a thabhairt orthu. Déantar iad a achoimriú thíos:

- I bhfianaise na ndeacrachtaí móra a ghabhann leis an gcúlú eacnamaíochta, an ráta ard dífhostaíochta agus na brúnna ar airgeadas poiblí, tá comhdhearcadh ann gur cheart **na spriocanna bochtaineachta atá ann cheana a choimeád** mar thomhas bonnlíne chun na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint. Cé gur cor diúltach é i gcoitinne cúlú eacnamaíochta deis is ea é chun díriú ar na héagothroimí iarmharacha trí bhunleibhéal sóisialta a choinneáil.

- **Ach spriocanna a bheith imdhealaithe agus miondealaithe chun grúpaí sóisialta ar leith agus tosca réigiúnacha/spásúla ar leith a chur ar áireamh** iontu, chabhródh sé chun idirghabhálacha a mhionchoigeartú ionas go bhféadfaí iad a dhíriú ar riachtanais agus ar thosca éagsúla, cuir i gcás teacht ar oideachas, cúram leanaí inacmhainne, soláthar seirbhísí sláinte, míbhuntáiste uirbeach, saincheisteanna a bhaineann le contaetha na teorann agus easnamh ar bhonneagar tuaithe.

- D'fhéadfaí cur chuige níos comhtháite a cheapadh i leith dhíothú na bochtaineachta ach **comhordú níos fearr a bheith ann i measc straitéisí náisiúnta**. Chabhródh sé sin chun maolú a dhéanamh ar an easpa cumarsáide agus comhordaithe is dual a bheith in eagraíochtaí móra ar nós na Roinne agus chuirfeadh sé go mór le comhtháiteacht na mbeartas in aghaidh na bochtaineachta.

- Eilimint ríthábhachtach den chomhrac in aghaidh na bochtaineachta is ea seirbhísí chun maireachtáil neamhspleách a chur ar aghaidh do dhaoine faoi mhíchumas agus tacú le hathléimneacht teaghlaigh. Is féidir le meicníochtaí na Roinne agus meicníochtaí gníomhaireachtaí ar nós *gníomhachtú,* pacáistí cúraim/tacaíochta bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais agus soláthar comhordaithe ar leibhéal áitiúil, má fhorbraítear iad i gcomhar le pobail, bheith ina modhanna tábhachtacha chun seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla a chinntiú, i gcás ina bhfuil **trealamh póilíneachta uileghabhálach ann chun barr feabhais a spreagadh agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm.** Ó cruthaíodh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) tá athrú ó bhun déanta ar na seirbhísí agus ar an gcleachtas cúram sláinte agus d'fhéadfadh comhlacht den chineál céanna, a mbeadh sainchúram air as seirbhísí sóisialta, athrú chun feabhais den sórt céanna a sholáthar d'úsáideoirí na seirbhísí sin.

- Níl tábhacht le spriocanna iontu féin ach a mhéad a chuirtear i bhfeidhm iad mar chuid de phróiseas feidhmithe beartais. **Ach úsáid urrúnta a bhaint as meicníochtaí chun measúnú** a dhéanamh ar thionchar na bochtaineachta, rannchuideodh sé go mór chun na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta* a bhaint amach.

- Meastar sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta* gur den riachtanas é monatóireacht agus measúnú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna um chuimsiú sóisialta. Eilimint amháin de na struchtúir mhonatóireachta agus measúnaithe sin is ea an Fóram um Chuimsiú Sóisialta. **D'fhéadfaí próiseas níos tréine agus níos éifeachtaí monatóireachta agus meastóireachta** a chur i bhfeidhm ach an *Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta* agus tuarascáil dheireadh bliana SILC a bheith ar fáil do chruinniú an Fhóraim.

- Ar deireadh, is féidir le buiséad bliantúil an Rialtais tionchar as cuimse a bheith aige ar bhochtaineacht agus ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta.* Déanann an Rannán um Chuimsiú Sóisialta anailís ar thionchar an Bhuiséid ar bhochtaineacht. I bhfianaise na trédhearcachta agus na hoscailteachta breise atá ag teacht chun cinn i dtaca le bearta Buiséid b'úsáideach an mhaise é don Rannán um Chuimsiú Sóisialta **measúnú a dhéanamh ar thionchar thograí an Bhuiséid ar bhochtaineacht**. Bheadh an t-eolas sin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta áirithe ar bhochtaineacht ar fáil don Rialtas fad a bheadh na bearta sin á moladh nó á mbreithniú, rud a laghdódh míréireachtaí beartais.

# Alt 4

# Focail Thosaigh agus Léirithe

## 4. Focail Thosaigh agus Léirithe

**4.1 Ba í Orlaigh Quinn, Rúnaí Cúnta, An Roinn Coimirce Sóisialaí,** agus Cathaoirleach na n-imeachtaí a d'oscail an Fóram. Agus fáilte á chur roimh na rannpháirtithe, leag Ms Quinn béim ar thábhacht an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta mar ócáid chruinnithe do raon leathan eagraíochtaí pobail agus deonacha agus na daoine dá n-ionadaíonn siad nó a labhraíonn siad ar a son le déantóirí beartais chun saincheisteanna ábhartha a phlé agus dúshláin i réimse na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a aithint.

**4.2** Sholáthair **John Bohan, Príomhoifigeach na Roinne Coimirce Sóisialaí ,** an scéala is déanaí ar ullmhú an 3ú Tuarascáil Bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta, ina dtugtar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an b*Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016* a chur i bhfeidhm. Comhlíonann an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn gealltanas a rinneadh sa chomhaontú um chomhpháirtíocht shóisialta *I dTreo 2016*[1]. Clúdóidh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn tréimhse dhá bhliain idir Eanáir 209 agus mí na Nollag 2010. [2]

Díreoidh an tuarascáil ar na spriocanna ardleibhéil (atá ailínithe le céimeanna saolré) a gheofar sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta*, ag úsáid táscairí agus ábhar a fuarthas ó ranna rialtais eile. Áireofar air measúnú ar dhul chun cinn i gcomparáid le spriocanna socraithe agus a éifeachtaí atá gníomhaíochtaí aonair ó thaobh spriocanna a bhaint amach. Aithneofar sa Tuarascáil, leis, aon saincheist nua a thiocfaidh chun cinn agus déanfar ráiteas ann ar shaincheisteanna ginearálta eile a rachadh cur chuige níos comhordaithe chun tairbhe dóibh.

Tá an tuarascáil go maith chun tosaigh agus beifear in ann í a chríochnú nuair a bheidh Staitisticí 2010 ón Suirbhé ar Theacht Isteach agus ar Dhálaí Maireachtála (SILC) foilsithe ag an Lár-Oifig Staidrimh. Tabharfar an tuarascáil chun críche go luath sa bhliain 2012 agus cuirfear ar fáil don phobal é a luaithe is féidir dá éis. Tá an roinn ag féachaint i láthair na huaire ar an amchlár do chríochnú na Tuarascála Bliantúla féachaint an bhféadfaí é a chur ar fáil tráth an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta.

**4.3 Thug Jim Walsh, ón Rannán um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Coimirce Sóisialaí** srac-chuntas ar an bpróiseas comhairliúcháin ar leithligh a bhí mar chuid den athbhreithniú ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta. Is é cuspóir an athbhreithnithe a chumasú don Rialtas spriocanna cuí insroichte a shocrú i dtaca le bochtaineacht náisiúnta chun gealltanais na hÉireann i *Straitéis 2020 na hEorpa* agus sa Chlár Rialtais *(Rialtas le haghaidh Téarnamh Náisiúnta 2011-2016)* a chomhlíonadh. Tá an t-athbhreithniú á ullmhú ag an Rannán um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus cuirfear ar aghaidh í chuig an Aire Coimirce Sóisialaí agus chuig an gCoiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta. [3]

Bhí na nithe seo a leanas ar áireamh sa phróiseas athbhreithnithe:

- **Ceardlanna áitiúla** i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Muineachán d'ionadaithe pobail agus do dhaoine bochta.
- **Suirbhé ar líne** chun tuairimí daoine aonair agus eagraíochtaí a fháil i dtaobh an athbhreithnithe ar an sprioc bhochtaineachta.
- **Ceardlann theicniúil do shaineolaithe** i dtaighde ar chúrsaí bochtaineachta ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí rialtais, ó na comhpháirtithe sóisialta, ó lucht acadúil agus ó eagraíochtaí taighde.
- Cruinnithe déthaobhacha leis an gColún Pobail agus Deonach agus le comhpháirtithe sóisialta eile.

---

1 I dTreo 2016 (féach lch 75: Ag Forbairt an Chur Chuige Saolré)

2 Níor cuireadh aon tuarascáil i dtoll a chéile sa bhliain 2009 i ngeall ar an mbliain 2010 a bheith ina Bliain Eorpach maidir le Comhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta, as a lean clár cuimsitheach gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chun feasacht ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta a mhéadú.

3 Tá páipéar comhairliúcháin ar an athbhreithniú ar fáil ag www.socialinclusion.ie.

Deis eile a bhí san Fhóram um Chuimsiú Sóisialta chun na saincheisteanna ba mhó a tháinig chun cinn sa chomhairliú a bhreithniú agus ionchur a dhéanamh sa phróiseas athbhreithnithe féin.

Is é an sprioc náisiúnta bochtaineachta atá leagtha amach sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016* laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht sheasmhach idir 2 agus 4 faoin gcéad faoin mbliain 2012 agus deireadh a chur léi faoin mbliain 2016 ó ráta bonnlíne de 7 faoin gcéad sa bhliain 2005. Ba é 5.5 faoin gcéad ráta na bochtaineachta seasmhaí sa bhliain 2009[4].

Lena chois sin, chomhaontaigh an AE sprioc bhochtaineachta Eorpach mar chuid de *Straitéis 2020 na hEorpa* a bhfuil sé d'aidhm aige 20 milliún duine ar a laghad a bhaint as líon na ndaoine sin atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh faoin mbliain 2020. Chuige sin, ceanglaítear ar na ballstáit sprioc náisiúnta bochtaineachta a shocrú a rannchuideoidh le baint amach na sprice Eorpaí. Bunaithe ar a sprioc náisiúnta bochtaineachta, is é sprioc na hÉireann 186,000 duine ar a laghad a bhaint as líon na ndaoine atá i mbochtaineacht sheasmhach faoin mbliain 2016. Méadaíodh an sprioc sin go 245,000 sa bhliain 2009.



4 Thaispeáin an tuarascáil bhliantúil ar an Suirbhé ar Theacht Isteach agus ar Dhálaí Maireachtála (AE, SILC) i Samhain 2011, suirbhé a foilsíodh i ndiaidh an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta, méadú go 6.2% ar bhochtaineacht sheasmhach sa bhliain 2011. http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/silc/2010/prelimsilc_2010.pdf

Alt 5

# Ceardlanna

## 5. Ceardlanna

Roinn na rannpháirtithe an Fhóraim iad féin i gcúig cinn de cheardlanna comhuaineacha chun féachaint ar na saincheisteanna ba mhó faoi théamaí éagsúla den *chur chuige saolré* a úsáidtear sa *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*. Is iad na príomhghrúpaí saolré Leanaí, Daoine in Aois Oibre, Daoine Scothaosta agus Daoine faoi Mhíchumas. Lena chois sin cuireadh ceardlann ar athbhreithniú na sprice náisiúnta bochtaineachta ar áireamh san Fhóram mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an sprioc sin.

Agus na topaicí sin á mbreithniú iarradh ar rannpháirtithe smaoineamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An fearrde grúpaí téamacha/spriocghrúpaí straitéis ar leith a bheith ann maidir leo?
- Cad iad éifeachtaí staid reatha an gheilleagair ar an tsochaí?
- An dtéann na héifeachtaí sin i bhfeidhm ar shlite difriúla ar phobail éagsúla? Conas?
- Conas is fearr díriú ar na saincheisteanna sin? Ar cheart sprioc bhochtaineachta foriomlán a bheith ann, nó ceann a bhaineann go sonrach le pobail/grúpaí ar leith?

Tugadh léiriú i ngach ceardlann ar shaincheist bheartais/réimse dea-chleachtais a bhain leis an téama a bhí faoi chaibidil agus chuir rapporteur an Fhóraim torthaí gach ceardlainne i láthair an tseisiúin iomlánaigh. Gheofar thíos achoimre ar phríomhléirithe agus éascaitheoirí gach ceardlainne.

- **Leanaí** arna éascú ag Anne Costello, Grúpa Tacaíochta Thaistealaithe na Gaillimhe. Léiriú: Forbairtí ar Leibhéal Náisiúnta, Albert O'Donoghue, Aonad Náisiúnta Straitéise do Leanaí, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- **Daoine in Aois Oibre** arna éascú ag Catherine Lynch, Líonra na hEorpa in aghaidh an Chiníochais. Léiriú: An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí, Lucy Fallon-Byrne, An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- **Daoine Scothaosta** arna éascú ag Robin Hanan, Comhairleoir Neamhspleách. Léiriú: An Gá atá leis na Daoine is Leochailí a Chosaint agus Sinn faoi Dhúshlán, Michael Murchan, An Roinn Sláinte.
- **Daoine faoi Mhíchumas** arna éascú ag Rachel Doyle, Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn. Léiriú: An tSeirbhís Náisiúnta Tacadóra do Dhaoine faoi Mhíchumas, Jim Comiskey, Margaret Tumbleton & Tessa Van Keeken, Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh Chluain Dolcáin
- **Athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta** arna éascú ag Jim Walsh, An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Coimirce Sóisialaí. Léiriú: Líonra Frithbhochtaineachta na hEorpa na hÉireann (EAPN), Paul Ginnell & an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) Dorothy Watson.

## 5.1 Ceardlann ar Leanaí

Thug Albert O'Donoghue ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige achoimre ar obair na Roinne, a bhfuil sainordú leathan beartais uirthi, lena n-áirítear réimsí amhail leas agus cosaint leanaí, ceartas don óige, oideachas sna luathbhlianta, lena n-áirítear an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Tá Straitéis Náisiúnta Leanaí á cheapadh faoi threoir na Roinne agus béim ar leith á cur ar thaighde agus ar nuáil trí bheith bainteach le tionscadail shuntasacha foghlama ar láithreacha iolracha ar a n-áirítear forbairt sna blianta luatha agus *Growing Up in Ireland*, an staidéar fadaimseartha ar leanaí. Tá cúram uirthi, leis, as an reifreann reachtach beartaithe ar chearta leanaí, as comhordú a dhéanamh ar ionstraimí idirnáisiúnta éagsúla, lena n-áirítear Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Linbh agus bunú na Gníomhaireachta nua um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh. Tá a Ráiteas Straitéise á thabhairt chun críche ag an Roinn i láthair na huaire. Ar deireadh, leag Albert béim ar thábhacht an chomhair idir Ranna chun riachtanais leanaí a chomhlíonadh.

Bhí comhthoil ghinearálta ann gur chruthaigh an ghéarchéim gheilleagrach nach mbláthaíonn leanaí bochta agus nach féidir leo éifeachtaí na bochtaineachta agus na héagothroime a sheachaint i gcás ina dtugann an tsamhail forbartha tús áite d'fhorbairt gheilleagrach thar ghnéithe sóisialta. Is fearr na torthaí do leanaí agus do theaghlaigh faoi na samhlacha forbartha i dtíortha eile, go háirithe faoin gcur chuige comhtháite atá i réim i mórchuid tíortha Eorpacha mar ar fearr an chothromaíocht idir cuspóirí geilleagracha agus cuspóirí sóisialta. Leagadh béim ar thábhacht an uilíochais, in íocaíochtaí sochair linbh, mar shampla, chun dlúthpháirtíocht shóisialta a chur ar aghaidh agus díriú ag an am céanna ar riachtanais aonair agus ar riachtanais teaghlaigh. Mar sin nasc cinniúnach lárnach is ea an nasc idir luachanna, fís agus torthaí i dtaca le toil pholaitiúil a fhorbairt, rud a bheidh riachtanach chun díriú ar bhochtaineacht leanaí agus ar mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin.

Fíric stairiúil is ea é gur ar na ranna is laige den tsochaí is mó a bhíonn tionchar ag cúluithe. Léiríonn éifeachtaí díréireacha na géarchéime geilleagraí ar leanaí/ar theaghlaigh áirithe an pointe sin. Leanaí faoi chúram nó in ionaid soláthair dhírigh, leanaí Taistealaithe agus leanaí tuismitheoirí sna déaga, agus na leanaí sin a chónaíonn i dteaghlaigh sna haicmí socheacnamaíocha is ísle is measa atá thíos leis. Ar na cúiseanna sin ní mór don rialtas athléimneacht na dteaghlach is leochailí a threisiú le sraith tacaíochtaí ioncaim comhtháite, seirbhísí freagrúla agus bearta tacaíochta chun rochtain/rannpháirtíocht a chothú. Ciallaíonn sin breis comhtháiteachta idir beartais. Chuige sin beidh ar Ranna oibriú as lámha a chéile agus a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí na hearnála áitiúla pobail agus le soláthar pobalbhunaithe ar nós scoileanna, foirne cúram sláinte srl. Agus bochtaineacht leanaí á sainiú agus á tomhas ní mór cúram ar leith a dhéanamh d'athléimneacht teaghlaigh, go háirithe agus raon tosca cinntitheacha á roghnú, amhail teacht isteach, teacht ar sheirbhísí agus na deiseanna atá ann chun leas a bhaint as na seansanna saoil a sholáthraítear trí bheith rannpháirteach sa scolaíocht, agus i ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus pobail.

Saincheist ar leith i dtaca le bochtaineacht leanaí is ea tithíocht/cóiríocht. Ní fhéachtar ar mháithreacha sna déaga mar dhaoine atá i ngátar tithíochta má chónaíonn siad lena dtuismitheoirí, d'ainneoin an teannais a leanann breis is teaghlach amháin a bheith sa chóiríocht chéanna. Gné eile a ghéaraíonn ar na deacrachtaí sin ná laghduithe i liúntais chuardaitheora poist d'fhir óga, ionas gur ar éigean is féidir le fir dífhostaithe agus/nó fir atá ag brath ar leas sóisialach teaghlach a chruthú agus a choimeád ag imeacht. Dálaí iad sin as a leanann bochtaineacht sheasmhach. B'fhearr an toradh do leanaí dá ndéanfaí infheistíocht i soláthar tithíochta poiblí seachas an margadh príobháideach cíosa a fhorlíonadh agus is amhlaidh go mbeadh coigilteas airgid i gceist leis sin, chomh maith.

Cé go nglactar leis i gcoitinne go bhfuil an Rialtas ar an ngannchuid, ní mór díriú, leis, ar na costais shuntasacha a bheidh i gceist sa todhchaí bheag má laghdaítear seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí/teaghlaigh leochaileacha ag an tráth seo.  Léiríonn ciorruithe ar oideachas luath-óige a neamhchiallmhaire atá sé ó thaobh an gheilleagair de ciorruithe a dhéanamh ar chaitheamh agus an tábhacht coibhneasta a ghabhann le hidirghabhálacha ag pointí sa tsaolré.  Is léir gur aitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna do thábhacht na hidirghabhála luath-óige atá sa tionscnamh oideachais réamhscoile atá ar fáil ar bhonn uilíoch. D'fhéadfaí cosaint eile in aghaidh na bochtaineachta a chur ar fáil ach díriú ar mhíbhuntáiste agus ailíniú níos fearr a bhaint amach i gcóras na bunscoile.

Údar imní is ea é nach bhfuil sonraí maidir le bochtaineacht ar fáil do chatagóirí áirithe leanaí. Thabharfadh fianaise starógach le fios gur mó an baol i gcás leanaí faoi chúram ná leanaí eile go bhfágfar an scoil go luath, go mbeidh toircheas luath ann agus go mbeidh siad gan dídean. Is tearc an méid is eol dúinn mar gheall ar éifeachtaí an tsoláthair dhírigh ar leanaí imirceach, agus ar éifeachtaí easnamh i dteacht isteach, i gcóras iompair agus éifeachtaí an aonraithe shóisialta ar leanaí i gceantair thuaithe.

Aithníodh cúrsaí inscne mar thoisc uileghabhálach nár mhór díriú uirthi. Is ar na mná go príomha a bhíonn cúram leanaí agus is minic a bhíonn ar na mná céanna post a bheith acu, aire a thabhairt do sheanóir, agus i gcás na mban is imeallaithe, buiséad uireasach teaghlaigh a bhainistiú agus nithe bunchompoird, ar nós foscadh, bia, teas agus éadaí, a sholáthar. Is den riachtanas é, dá réir, cúram leanaí solúbtha agus tacaíochtaí ioncaim ar nós Sochar Linbh atá dírithe ar mhná a bheith ann chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí. Léiriú eile é sin ar a thábhachtaí atá sé tacú le hathléimneacht teaghlaigh.

Ar deireadh, ó thaobh spriocanna bochtaineachta a athbhreithniú agus a athshocrú, measadh go raibh gá le tuilleadh taiscéalaíochta.  Theastaigh ón ngrúpa go ndéanfaí spriocanna maidir le bochtaineacht leanaí a nascadh le spriocanna bochtaineachta san iomlán. Measadh go raibh gá, leis, le sainmhíniú ginearálta ar bhochtaineacht leanaí a rachadh níos faide ná tacaíochtaí ioncaim agus a d'áireofaí uirthi seirbhísí reachtúla agus teacht ar ghnáthraon na ndeiseanna forbraíochta, ar nós turas scoile, gníomhaíochtaí fóillíochta agus caitheamh aimsire srl.



## 5.2 Ceardlann ar Dhaoine in Aois Oibre

Tugadh srac-chuntas ar chinneadh an Rialtais an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí (NEES) a bhunú trí sheirbhísí a bhí á gcur ar fáil roimhe seo trí FÁS, trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí a thabhairt le chéile in aon struchtúr eagraíochtúil amháin. Tógfaidh sé dhá bhliain chun seirbhís athmhúnlaithe a dhéanamh de na comhpháirteanna éagsúla. Soláthróidh NEES seirbhís shaincheaptha phearsantaithe maidir le teidlíochtaí agus fostaíocht, agus cuirfear comhairle ar dhaoine i dtaobh tacaíochtaí oideachais agus oiliúna. Seirbhís réamhghníomhach a bheidh inti, bunaithe ar theagmháil ar líne, ar an bhfón, tríd an bpost agus duine le duine. Beidh nasc láidir leis an earnáil oideachais agus oiliúna agus is fusa a bheidh sé na sonraí atá riachtanach d'fhorbairt na seirbhíse a bhailiú ó sheirbhís chomhtháite dá leithéid. Ar chúiseanna éagsúla buiséadta agus éilimh, ní bheidh an cóimheas idir baill foirne agus cliaint a theastaíonn chun seirbhís ardchaighdeán um bainistíocht cásanna a sholáthar ar fáil i dtús báire. Ach de réir mar a théann an tsamhail gnó nua ar aghaidh, tá súil ag an Roinn cúnamh níos mó a chur ar fáil de réir mar a théann sí i dtaithí ar chur i bhfeidhm agus ar líonrú. Sa ghearrthéarma déanfar gach iarracht ar leibhéal riaracháin chun iarratais ar thacaíochtaí a phróiseáil a luaithe is féidir.

Dhírigh an plé sa cheardlann seo ar an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí (NEES), seirbhís a chuimsíonn gealltanas an Rialtais i leith cur chuige *gníomhachtúcháin* i leith na dífhostaíochta, is é sin pacáiste comhordaithe beart ioncaim, scilithe agus fostaíochta a chuirfí in oiriúint do dhaoine aonair. Aithníodh an dúshlán a ghabhann le heagraíocht phríomhshrutha a dhéanamh de NEES. Dúshlán ar leith é an ceann is fearr a fháil ar an tuiscint dhiúltach atá ag catagóirí áirithe de dhaoine leochaileacha ar *ghníomhachtú* agus léirigh sé an gá atá le cur chuige comhpháirtíochta leis an earnáil pobail-deonach. Níl a leithéid de chomhpháirtíocht i bhfeidhm i láthair na huaire agus tá laghdú ar acmhainneacht toisc an bánú a rinneadh ar an earnáil tráth ar cuireadh deireadh le cláir áirithe agus ar ciorraíodh cistiú.

Ar deireadh thiar, beidh cur chuige comhtháite i leith cur i bhfeidhm beartas de dhíth ar leibhéil pholaitiúla agus rannacha araon má tá rath le bheith ar sheirbhísí fostaíochta agus ar na cinntí beartais a bhfuil siad bunaithe orthu. Tá géarghá le dul i gcomhar le húsáideoirí deiridh agus le heagraíochtaí pobail chuige sin agus aithníodh an t-easnamh atá ann i láthair na huaire ó thaobh comhairliúcháin agus próiseas pleanála pobail.

I measc na moltaí a rinneadh chun straitéisí fostaíochta a chur i bhfeidhm ar mhodh níos fearr bhí díriú ar na héagothroimí ó thaobh teacht ar sheirbhísí fostaíochta i gceantair thuaithe, an oiliúint chuí a chur ar bhaill foirne chun cur chuige duinelárnach a chinntiú, úsáid níos fearr a bhaint as an tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh chun daoine, go háirithe daoine atá dífhostaithe den chéad uair, a chur ar an eolas mar gheall ar a gcearta agus a dteidlíochtaí. Is léir ón nglacadh íseal ar scéimeanna ar nós an Fhorlíonta Ioncaim Teaghlaigh agus na hIocaíochta Teaghlach Aontuismitheora gur gá eolas níos fearr ar theidlíochtaí a chur ar fáil. Chabhródh sé le cur chun feidhme na scéimeanna seo cur chuige níos iomlánaíche a bheith ann a chuirfeadh meabhairshláinte, féichiúnas agus deacrachtaí teaghlaigh eile san áireamh. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé a chur san áireamh i bhfeidhmiú NEES na deacrachtaí oibríochtúla atá ann i láthair na huaire mar aon le dea-chleachtas ó shamhlacha áitiúla. Luadh na táscairí maidir le torthaí poist níos fearr dóibh siúd nár chláraigh le FÁS mar shampla den ghá atá leis an gceist a bhreithniú ina hiomláine.

Údar imní ab ea gur caitheadh go neamhchothrom le grúpaí sóisialta ar leith, ar nós imirceach agus lucht iarrtha tearmainn, agus gur minic a bhí taithí fhairsing ag na grúpaí sin cheana féin ar bhochtaineacht agus ar dhíothacht. Tá difríochtaí suntasacha idir na grúpaí sin agus grúpaí eile ó thaobh fostaíochta agus coinníollacha coimirce sóisialaí de, i dtaca le teacht ar obair, rialú na ndálaí oibre agus i gcásanna áirithe sriantachtaí ar ghlacadh le fostaíocht. Tarraingíodh anuas fadhbanna le cothromaíocht agus le Coinníoll an Ghnáthchónaí, go háirithe i dtaca le dualgas an stáit chun leanaí a chosaint.

Níl aon amhras ach gur mó tionchar atá ag an gcúlú ar an tsochaí – tá daoine bochta ag éirí níos boichte an t-am ar fad ach ní thugtar é sin faoi deara uaireanta toisc an tionchar atá ag an gcúlú ar an bpobal trí chéile.  Tá cúram ar an Rialtas poist a chruthú ach chun an fhostaíocht atá ann cheana a choimeád, go háirithe fostaíocht leochaileach, beidh sé riachtanach tacú le daoine chun oiliúint agus scileanna/oideachas feabhsaithe a sholáthar dóibh, mar sin ní mór smaointeoireacht mar gheall ar an todhchaí a bheith ar áireamh i straitéisí fostaíochta an Rialtais. Ar an gcúis sin agus ar chúiseanna eile, ní mór do phróiseas ina ndéanfaí measúnú ar an tionchar sóisialta agus saincheapadh seirbhísí fostaíochta ar mhaithe le riachtanais catagóirí sóisialta éagsúla a chomhlíonadh a bheith mar chuid de bheartas chun na torthaí is fearr a chinntiú. Chabhródh measúnú ar an tionchar sóisialta chun an pointe idirghabhála is cuí agus is éifeachtaí a aithint tríd an gcostas deiridh idir shóisialta agus gheilleagrach a ghabhann le dífhostaíocht a chur san áireamh.

Ó thaobh spriocanna agus táscairí de, luadh aird ar  thiomsú sonraí ar dhífhostaíocht mar shaincheist nár mhór díriú uirthi.  Measadh nár leor bheith ag brath ar an mbeochlár toisc nár léirigh sé tearcfhostaíocht, daoine nach ceadmhach dóibh clárú, agus líon na bhfiontraithe dífhostaithe.  Measadh gur rud dearfach a bheadh ann spriocanna fostaíochta agus spriocanna bochtaineachta a nascadh, mar a mholann creat an Choimisiúin Eorpaigh, ionas go ndéanfaí bochtaineacht a shainiú trí mheascán de choibhneasacht ioncaim, díothacht ábhartha agus baol dífhostaíochta.  Ar deireadh, measadh nach raibh mórán céille le spriocanna a shocrú ach amháin má bhí próiseas measúnaithe ar thionchar na bochtaineachta i réim i Ranna agus i ngníomhaireachtaí.

## 5.3 Ceardlann ar Dhaoine Scothaosta

Sholáthair Michael Murnahan ón Oifig do Dhaoine Scothaosta, an Roinn Sláinte, an scéala is déanaí ar sheirbhísí pobalbhunaithe, ar chúram cónaithe fadtéarmach agus gearrthéarmach, lena n-áirítear *Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais* agus *An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach.*  Thug Michael srac-chuntas ar bheartas an Rialtais, arb é is aidhm leis tacú le daoine scothaosta ar mian leo fanacht ina dtithe agus ina bpobail féin, trí sheirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh laistigh de chreat ina ndéanfaí cúram de chomhionannas, de rochtain ar sheirbhísí agus de phrionsabail duinelárnacha. Cuireadh €8m breise ar fáil sa bhliain 2011 do phacáistí cúram baile, straitéis riachtanach í sin a mhaolaíonn an brú ar ospidéil ghéarchúraim agus ar chórais chúram cónaithe fhadtéarmaigh.  Tá treoirlínte nua ar sheirbhísí cúram baile á gcur i dtoll a chéile nó á gcur i bhfeidhm ag FSS agus tá páipéar scóipe ullmhaithe ar rialú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar sheirbhísí pobalbhunaithe do dhaoine scothaosta i bhfianaise an ghá atá le tosaíochtaí reachtacha a chinneadh do réimse iomlán an Chúraim Shóisialta.

Is é an tosaíocht daoine a choimeád ina dtithe agus ina bpobal féin ach aithnítear nach mbíonn sé sin indéanta i gcónaí agus mar sin tá an dara tosaíocht ann tacú le teacht ar chúram cónaithe fadtéarmach ar ardchaighdeán.  Déanfar athbhreithniú sa bhliain 2012 ar an scéim tacaíochta do thithe altranais. Tháinig saincheist chun cinn níos luaithe i mbliana i dtaca le deacrachtaí maoinithe don scéim, as ar lean riaráiste i gceantair áirithe agus a leigheasadh trí airgead a aistriú ó fho-réimsí eile d'FSS.  Tá feabhas ar fhorfheidhmiú caighdeán i dtithe altranais de thoradh cigireachtaí  HIQA.

Tá obair ar siúl i ngrúpa idir-rannach chun an *Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach* a chur ar aghaidh, straitéis atá le foilsiú go luath sa bhliain 2012. Ba é an t-athrú rialtais mar aon leis an athbhreithniú breise roimh cheapadh na straitéise a chuir moill leis an straitéis. Tá machnamh á dhéanamh laistigh den Roinn ar thionchar an athraithe ar dhaonra, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht phoiblí i gcomparáid le héilimh thodhchaí.

Cé gur tréimhse dhúshlánach í seo, tá tús áite tugtha ag an Rialtas do chosaint do dhaoine scothaosta – le trí bliana anuas is lú an tionchar a bhí ag ceisteanna maoinithe ar dhaoine scothaosta ná ar dhaoine i ngrúpaí sóisialta eile. Bíodh sin mar atá, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas sa Roinn seo agus i bhfianaise na ndeacrachtaí atá i réim faoi láthair tá ceisteanna á gcur faoin tslí a n-éireoidh leis an Rialtas a ghealltanais faoin *gClár Rialtais* a chomhlíonadh.

Ba é an príomhphointe sa phlé an imní a chuireann cúlú eacnamaíochta agus ciorruithe buiséadta ar dhaoine scothaosta. Is eol do dhaoine scothaosta a mhéad a bhraitheann siad ar sheirbhísí reachtúla, a nochta atá siad d’arduithe praghais agus a leochailí atá siad i dtaca le sábháilteacht agus teagmháil shóisialta. Cuid de thimthriall diúltach i mórchuid ceantair thuaithe is ea laghdú ar dhaonra agus an laghdú ar úsáid seirbhísí a ghabhann leis sin. Ar na cúiseanna sin, tá daoine scothaosta ag éirí buartha faoi éiginnteacht agus faoi chiorruithe ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí ioncaim. Imní eile is ea an suaitheadh sóisialta a d’fhéadfadh a theacht de bharr na dífhostaíochta agus na himirce éigeantaí – is é sin go gcaillfí an teagmháil shóisialta agus an chosaint a fhaightear i láthair na huaire ó bhaill teaghlaigh agus cairde.

I gcás daoine ar an ngannchuid, cuireann costais sláinte, fiachas agus an gá atá le bheith gan bhunriachtanais ionas gur féidir costais bhreise breosla a íoc – rud a léiríodh i dtaighde a rinne Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath le deireanas – lena leochaileacht, laghdaíonn sé a gcaighdeán saoil agus imríonn sé tionchar diúltach ar shláinte an ghrúpa seo ar bhealaí a bhraitear láithreach. Mar sin ní mór áit lárnach a thabhairt don ghaol idir an duine scothaosta agus an dochtúir teaghlaigh in aon togra buiséadta i dtaca leis an gcárta leighis. D’aibhsigh an Staidéar Fadaimseartha ar Aosú (TILDA) go gcaitheann 50% díobh siúd atá 75 bliain d’aois nó os a chionn cúig chógas nó níos mó, rud a léiríonn an gaol idir aois agus sláinte.

Caithfidh cur ar aghaidh agus éascú na rannpháirtíochta sóisialta agus dul i ngleic le haonrú a bheith mar chroílár ag beartais an Rialtais, na ngníomhaireachtaí reachtúla agus na soláthraithe deonacha. Is déine fadhb an aonraithe do dhaoine atá ag maireachtáil ina n-aonar nó atá faoi mhíchumas agus ina gcónaí i gceantair thuaithe iargúlta (agus uirbeach, uaireanta). Measadh gur den riachtanas é dul i ngleic le drogall nádúrtha daoine scothaosta cúnamh/tacaíochtaí a lorg, do theacht níos fearr a thabhairt ar chóras iompair i gceantair thuaithe agus do mhaolú a dhéanamh ar an eagla agus ar an aonrú a leanann dúnadh stáisiúin an Gharda agus oifigí poist. Nithe eile a chabhródh chun úsáid tacaíochtaí agus seirbhísí riachtanacha a mhéadú ná feabhas a chur ar sheirbhísí cumarsáide agus eolais trí laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhíse as seirbhísí ar líne agus uathsheirbhísí teileafóin agus teagmháil le daoine a chur ar aghaidh.

Ach measúnú iomlánaíoch caighdeánaithe ar riachtanais a bheith glactha d'fhéadfaí díriú ar an mbearna idir an soláthar cúram baile agus riachtanais an duine. Faoi mar atá cúrsaí i láthair na huaire, níl céatadán suntasach de dhaoine scothaosta lagaithe ag fáil tacaíochtaí dóthanacha nó tacaíochtaí cuí, agus tá mórchuid díobh a d'fhéadfadh a bheith gan tacaíocht ar bith (léiríonn TILDA go bhfuil 12% de dhaoine scothaosta lagaithe go mór agus gan iad a bheith ag fáil tacaíocht ar bith). Chun éifeachtúlachtaí agus seirbhísí níos éifeachtacha a chinntiú is gá athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bheartais cúram baile féachaint an bhfuil na seirbhísí de réir na riachtanas. Ach acmhainní a bheith níos spriocdhírithe agus drugaí cineálacha a bheith in úsáid – leibhéal úsáide atá faoi bhun 15% i láthair na huaire, dar le TILDA – d'fhéadfaí torthaí a fheabhsú agus airgead a spáráil.

Saincheist ar leith do dhaoine scothaosta ar beag a dteacht isteach is ea dóthanacht an stoic tithíochta, ó thaobh insliú agus imdhíonadh ar shéideáin agus inacmhainneacht téimh/breosla. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí socruithe níos fearr a idirbheartú le soláthraithe leictreachais agus gáis agus aisfheistiú tithe a dhéanamh mar bheart práinne. Rud eile a bheadh tábhachtach ó thaobh toradh san fhadtéarma ná rialacháin tógála agus pleanála a athbhreithniú.

I dtaca le dul i ngleic le bochtaineacht daoine scothaosta ar leith, dúirt líon mór dá raibh i láthair gur mhaith leo caidreamh níos dlúithe a bheith ann idir taighdeoirí, grúpaí ionadacha agus an Roinn Sláinte agus ranna rialtais eile chun breithniú a dhéanamh ar thorthaí taighde TILDA agus an fhoghlaim ón taighde a thiontú go roghanna beartais agus seachadta.

Ar deireadh, bhí imní ar dhaoine áirithe mar gheall ar an tslí a gcuirtear na spriocanna i dtaca le daoine scothaosta in iúl. I gceist ansin bhí an tuiscint ar réasúnaíocht/choincheap na bochtaineachta seasmhaí agus an gaol idir í agus an tslí a dtomhaistear bochtaineacht i measc daoine scothaosta leis na spriocanna socraithe.

## 5.4 Ceardlann ar Dhaoine faoi Mhíchumas

Chuir Jim Comiskey, Margaret Tumbleton agus Tessa Van Keelan tús leis an gceardlann trí achoimre a thabhairt ar obair na Seirbhíse Náisiúnta Tacadóirí do Dhaoine faoi Mhíchumas (NAS), lenar áiríodh prionsabail, ról na dtacadóirí agus an próiseas atreoraithe. Seirbhís náisiúnta is ea NAS anois tar éis treoirscéime a mhair cúig bliana. Cuirtear ar fáil é ar bhonn réigiúnach tríd an tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh, gníomhaireacht de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí, a bhfuil sé de chúram air tacú le soláthar eolais, comhairle agus tacaíochta i dtaobh raon leathan seirbhísí sóisialta agus sibhialta.

Soláthraíonn NAS seirbhísí neamhspleácha, ionadacha tacadóra do dhaoine leochaileacha atá faoi mhíchumas. Tugann an tseirbhís seo guth dóibh siúd atá aonraithe sa phobal nó a bhfuil cónaí orthu in institiúidí cónaithe agus do dhaoine nach féidir leo ionadaíocht a dhéanamh ar a son féin. Cosnaíonn an NAS a gcearta, cabhraíonn sé leo a dteidlíochtaí a fháil agus déanann sé athruithe dearfacha ar chaighdeán a saoil. Féadfaidh aiseolas ó thacadóirí athrú a éascú sna seirbhísí, ionchais a mhéadú, rogha níos mó a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, a scileanna sóisialta a fheabhsú agus tacú leo chun féin-tacadóireacht a dhéanamh.

Cuireann tacadóirí oilte tacaíocht ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun gur féidir leo teacht a fháil ar leas sóisialach, ar thithíocht agus ar chaighdeáin fheabhsaithe mhaireachtála. Is féidir leo cabhrú le daoine imeascadh an athuair sa phobal ar fhágáil institiúidí cónaithe dóibh trí iad a nascadh le seirbhísí tacaíochta.

Is iomaí slí ina bhfuil an Stát fós ag streachailt leis an aistriú ó chúram institiúideach go maireachtáil neamhspleách le cabhair tacaíochtaí agus seirbhísí. Tá seirbhísí tacaíochta ríthábhachtach don mhaireachtáil neamhspleách ach i gcásanna nach leor na seirbhísí sin, is minic a bhíonn daoine faoi mhíchumas imeallaithe agus bocht i gcónaí. Rud coibhneasta is ea an neamhspleáchas, ar ndóigh, toisc go mbíonn méid áirithe spleáchais i gceist i gcónaí le daoine faoi mhíchumas ach níor cheart go gciallódh sé sin nach féidir leibhéal níos airde neamhspleáchais a bhaint amach. Chuige sin ní mór béim a chur ar chumhachtú daoine faoi mhíchumas – ar leibhéal aonair agus ar leibhéal comhchoiteann araon. Ach athruithe a bheith déanta ar bheartais soláthraithe chun é sin a léiriú d'fhéadfadh daoine tosú ag déanamh a gcuid roghanna saoil féin. Sa chiall sin, is amhlaidh go gcoimeádann scéimeanna fadtéarmacha liúntais mhíchumais daoine i riocht spleách. Cé gur admhaíodh a dheacra atá sé cineálacha cur chuige nuálacha a mholadh i bhfianaise na gciorruithe atá i réim, chabhródh sé le cumhachtú a chur ar aghaidh straitéisí gníomhachtúcháin a chur i bhfeidhm go mothálach cuí.

Deacracht ar leith é do dhaoine faoi mhíchumas a laghad comhordaithe a dhéantar ar sheirbhísí agus ar straitéisí, agus is casta creat na dtacaíochtaí dá réir. Ba cheart seirbhísí a bheith nasctha agus comhlántach, agus murarb amhlaidh, ba cheart bearta a thabhairt isteach chun deireadh a chur le dúbailt agus éifeachtúlacht a chothú – bheadh malartú eolais idir ranna agus soláthraithe ina phointe tosaigh. Forbairt dhearfach sa mhéid sin ab ea aistriú na Seirbhíse Leasa Pobail go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí agus seirbhísí tacadóra a lonnú sna hIonaid Seirbhíse do Chustaiméirí. Ach gach straitéis rialtais, ar nós Straitéis Náisiúnta na mBan agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais, a bheith nasctha, is fearr an chomhtháiteacht a bheith idir seirbhísí míchumais agus straitéisí náisiúnta frithbhochtaineachta.

D'fhéadfadh athrú struchtúrtha dea-phleanáilte feabhas mór a chur ar thorthaí. Ach HIQA (meicníocht is ea HIQA atá tar éis feabhas mór a chur ar na seirbhísí sláinte) a leathnú go dtí na seirbhísí gairmiúla agus oideachais i gcás daoine faoi mhíchumas bheadh toradh fónta aige sin ar bhochtaineacht leis.

Tá eagla an domhain ar dhaoine roimh na ciorruithe buiséid a bheidh le cur i bhfeidhm faoi théarmaí chomhaontú an Troika. Meastar go mbainfear €700m de na seirbhísí sláinte sa chéad Bhuiséad eile. Beidh sé sin dian ar dhaoine faoi mhíchumas go háirithe orthu siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na n-iarratas ar an Liúntas Míchumais – agus rachaidh sé sin i méid de réir mar a théann an daonra in aois. Ciallaíonn na ciorruithe nach bhfuil straitéisí chun teacht a thabhairt ar sheirbhísí á gcur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla.

Ag glacadh leis nach féidir le daoine faoi mhíchumas teacht ar eolas ar an mbonn céanna le daoine eile, cé go bhféadfadh an riachtanas céanna a bheith acu, pointe tosaigh tábhachtach a bheadh ann eolas níos fearr ar theidlíochtaí a chur ar fáil. Údar struis do dhaoine is ea a mhéad iarratas ar Liúntas Míchumais [5] a dhiúltaítear, go háirithe toisc go gceadaítear mórchuid díobh ar achomharc. Is léir go bhfuil acmhainní á chur amú i gcóras dá shórt, agus gur spáráil airgid in aisce é más fíor an bhraistint go bhfuil an Roinn ag iarraidh líon na bhfaighteoirí a laghdú. Lena chois sin, tá comhthoil ann nach bhfuil na foirmeacha iarratais don Liúntas Míchumais oiriúnach don fheidhm. Ach foirm níos mionsonraithe a bheith ann, ní bheadh gá leis an timthriall diúltaithe/achomhairc agus spárálfaí idir airgead agus buairt. Is amhlaidh an scéal i gcás na sochar cúntach - an cárta leighis agus an pas saorthaistil. Fadhb eile is ea é nach léir go bhfuil Oifigigh Bhreithiúnachta ar an eolas mar gheall ar mhíchumais nó saincheisteanna a ghabhann le míchumas agus nár mhór oiliúint chuí a chur orthu. D'fhéadfaí líomhchóiriú breise a bhaint amach ach achomhairc a bheith admhaithe laistigh de 21 lá.

5 Ba é 54.27 céatadán na n-éileamh ar Liúntas Míchumais a dícheadaíodh i nDeireadh Fómhair 2011.

Údar mór imní do dhaoine faoi mhíchumas is ea an bhochtaineacht agus ba cheart é sin a chur san áireamh agus spriocanna á socrú. Ba cheart díriú ar shaincheisteanna amhail a dheacra atá sé do dhaoine faoi mhíchumas teacht cothrom a fháil ar oideachas agus ar oiliúint agus spriocanna á socrú. Chlúdófaí gach cás féideartha ach sprioc comhcheangailte bochtaineachta agus cuimsiú sóisialta a bheith ann trasna na bpríomhréimsí beartais ar fad.

## 5.5 Ceardlann ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta

Ba é an cheist ab uileghabhálaí sa cheardlann seo conas is féidir leis an Rialtas spriocanna ar leibhéil éagsúla a shocrú do mhaolú na bochtaineachta, i bhfianaise na gcúinsí geilleagracha, an chuma is dócha a bheidh ar an ngeilleagar agus ar chúrsaí airgeadais sa todhchaí bheag agus i bhfianaise an chomhaontaithe Troika leis an Aontas Eorpach /leis an mBanc Ceannais Eorpach/leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Dhírigh an plé ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Ar cheart an sprioc náisiúnta bochtaineachta a choigeartú chun an cúlú eacnamaíochta agus an staid nua airgeadais a chur san áireamh inti?
- Conas is féidir staid na ngrúpaí is leochailí, a bhfuil na rátaí bochtaineachta is airde iontu, a léiriú sa sprioc náisiúnta bochtaineachta?
- Ar cheart cur chuige difreáilte a bheith ann i leith spriocanna náisiúnta bochtaineachta bunaithe ar raon táscairí?
- Ar cheart díriú ar spriocanna bochtaineachta sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun an réaltacht gheilleagrach atá anois i réim a léiriú, lena n-áirítear an beartas tosaíochta cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí ó choigeartuithe geilleagracha agus fioscacha?

Ag tús na ceardlainne tugadh achoimre ar na torthaí tosaigh ar an bpróiseas comhairliúcháin ar leithligh ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta [6], agus ina dhiaidh thug Paul Ginnell de Ghréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa na hÉireann, agus Dorothy Watson ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta léirithe uathu. D'fhéach an tUasal Ginnell ar rioscaí éagsúla na spriocghrúpaí éagsúla, agus thug cuntas ar fhabhar an EAPN do spriocanna ardleibhéil lena ngabhfadh fo-spriocanna do na grúpaí ardriosca sin, agus mhol sé *measúnú ar thionchar na bochtaineachta* a thabhairt isteach agus dul i gcomhar ar shlí níos urrúnta leis na heagraíochtaí sin a ionadaíonn do dhaoine bochta. Dhírigh an tUasal Watson ar mhodhanna maithe a chinneadh do thomhas na bochtaineachta, ag úsáid seicliosta a d'aithneodh go cruinn iad siúd atá bocht; a chinnteodh iontaofacht na meicníochtaí a d'úsáidfí chomh comhpháirteanna a thomhas; a bheadh bailí ó thaobh díriú ar phríomhghnéithe de shaol daoine; a bheidh infheidhme maidir le grúpaí difriúla; a bheadh neamhtheicniúil agus furasta a mhíniú. Mhol sí nár mhiste féachaint ar *thairseacha daingnithe maidir le hioncam bochtaineachta* – a bheadh bunaithe ar chéatadán an ardaithe nó na titime in ioncam i gcomparáid le bliain 'daingnithe'.

Admhaíodh na deacrachtaí a ghabhann le spriocanna bochtaineachta a choimeád in aghaidh cúlra de ghníomhaíocht mharbhánta sa gheilleagar, rátaí arda dífhostaíochta agus ciorruithe buiséid, ach ba é an chomhthoil ná gur cheart cloí leis an sprioc reatha de dheireadh a chur le bochtaineacht sheasmhach [7] faoin mbliain 2016. Próiseas fada deacair a bhí ann na spriocanna bochtaineachta seo a shocrú agus ba dheacair aon mhaolú ar na spriocanna sin a aisiompú sa tréimhse dheacair is dóigh atá romhainn sa gheilleagar sna blianta beaga.

6 Tuarascáil Chomhairliúcháin ar an Athbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bochtaineachta

7 Céatadán na ndaoine ar ioncam faoi bhun tairsigh áirithe (faoi bhun 60% den ioncam meánach) nach bhfuil ar a gcumas seirbhís nó earra amháin nó níos mó a fháil a mheastar atá riachtanach chun bunchaighdeán maireachtála a bheith ag duine (An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007 – 2016).

I gcás moltaí go bhféadfadh bochtaineacht sheasmhach [8] bheith ina tháscaire níos fearr chun bochtaineacht a thomhas, áitíodh gur dheacair na sonraí cuí a bhailiú (toisc méid an tsampla a bheadh de dhíth, go háirithe). Údar imní eile ab ea a éifeachtaí atá an próiseas bailithe sonraí nuair a chuirtear san áireamh an drogall a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine a ceistíodh sa suirbhé a gcuid deacrachtaí a nochtadh. D'fhéadfadh an fhadhb sin dul i méid de réir mar a thagann níos mó daoine chun bheith bocht den chéad uair.

Pléadh an gá atá le léiriú a thabhairt ar na rátaí bochtaineachta arda i measc grúpaí leochaileacha áirithe, ag díriú go háirithe ar na spriocanna foriomlána a imdhealú ina bhfo-spriocanna do mhná, do dhaoine atá dífhostaithe san fhadtéarma, do leanaí, do Thaistealaithe, do sheanóirí, do dhaoine i gceantair thuaithe iargúlta agus i gceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste. Ach maitrís de tháscairí bochtaineachta a bheith ceaptha chun spriocanna bochtaineachta cuí a shocrú do ghrúpaí, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí spriocdhírithe beartais a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Bhí tuairim láidir ann go bhféadfaí idirghabhálacha mionchoigeartaithe a cheapadh do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte agus do dhaoine a bhfuil fadhbanna litearthachta acu astu sin.

Ní furasta sraith chuimsitheach táscairí agus spriocanna a cheapadh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith deacair sprioc a aithint agus a cheapadh do gach aon ghrúpa. San iomlán braitheadh gurbh fhearr sprioc náisiúnta foriomlán a choimeád agus sraith fo-spriocanna a cheapadh i dtaca le gach spriocghrúpa. D'fhéadfaí dul chun cinn ar na fospriocanna a thomhas, ansin, i gcomparáid leis an sprioc fhoriomlán. Leis an gcur chuige seo, sheachnófaí an chastacht a ghabhfadh le trastagairtí agus neartófaí an mhonatóireacht ar an sprioc fhoriomlán trí phointe tagartha a sholáthar a bhféadfaí fo-spriocanna a thomhas i gcomparáid leis.

Saincheist eile a pléadh ná na héagothroimí idir réigiúin, ó thaobh bonneagar seirbhíse agus ó thaobh forbairt shocheacnamaíoch araon. Eilimint ríthábhachtach is ea seirbhísí agus freagairtí éifeachtaí á gceapadh ar bhochtaineacht, mar sin ní mór difreáil ó thaobh soláthair a chur san áireamh sa mhaitrís de tháscairí/spriocanna. Luadh réigiún na teorann mar shampla ar leith den tslí ar féidir le tosca réigiúnacha toimhdí bunaithe ar bhonnlíne náisiúnta a chur as riocht: ciallaíonn dhá gheilleagair ar leith a bheith ar aghaidh a chéile ann agus faoi réir rialachas riaracháin agus fioscach difriúil i ngach cás gur féidir le forbairt fiontraíochta agus leibhéil fostaíochta luainiú go mór.

Measadh pobail imirceach a bheith ina ngrúpa sóisialta fíorleochaileach, go háirithe iad siúd nár cinneadh a stádas go fóill, atá ag fáil soláthair dhírigh, agus iad siúd a d'fhéadfadh teacht chun bheith gan cháipéisí inimirce ar chúiseanna éagsúla. Is féidir daoine áirithe a bheith fágtha amach as na staitisticí bochtaineachta ar na cúiseanna sin – toisc nach mbaineann siad le teaghlaigh chun críocha an tSuirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála.

Moladh táscairí bochtaineachta na hÉireann a bheith ailínithe níos dlúithe leis na 27 táscaire a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar Straitéis na hEorpa um Choimirce Shóisialach agus Cuimsiú Sóisialta. Cé nach mbaineann gach ceann de na táscairí Eorpacha le bochtaineacht, is amhlaidh an scéal i gcás mórchuid díobh agus tá dlúthbhaint idir an bhochtaineacht agus coimirce shóisialach agus cuimsiú sóisialta araon.

8 Céatadán na ndaoine faoin tairseach 'i mbaol bochtaineachta' sa bhliain reatha agus in dhá bhliain de na trí bliana deireanacha.

Tarraingíodh anuas, leis, an dochar a dhéanann bochtaineacht ó ghlúin go glúin mar shaincheist nár mhór a chuimsiú sna spriocanna. Teaghlaigh atá neadaithe i dtimthriall bochtaineachta, bíonn sé thar a bheith deacair orthu teacht a fháil ar na deiseanna oideachais, scile agus líonraithe a thabharfadh cosáin i dtreo na fostaíochta agus i dtreo ioncam dóthanach dóibh. Ba cheart an gníomhachtú a bheith úsáideach ina leith sin agus chabhródh sé chun dul i ngleic le bochtaineacht ó ghlúin go glúin táscairí bochtaineachta bunaithe ar theacht ar oideachas, ar oiliúint agus ar chúram leanaí a bheith in úsáid.  Is úsáidí spriocanna fadtéarmacha chun timthriall a bhriseadh ach tá gá chomh maith le straitéis ghearrthéarmach chun cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí agus chun breis daoine a chosc  ó thitim isteach i dtimthriall bochtaineachta fadtéarmaí.

Ar deireadh, ní mór gealltanais an Rialtais chun cosaint a thabhairt dóibh siúd is leochailí a ghaolú le meicníochtaí seiceála intomhaiste ar nós spriocanna bochtaineachta má tá beart le déanamh de réir briathar.



# Section 6

# Later Presentations

## 6. Léirithe ina dhiaidh sin

**6.1 Thug Fintan Farrell, Stiúrthóir Ghréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa** achoimre ar an gcomhchreat Eorpach, atá comhdhéanta de straitéis deich mbliana an AE d'fhorbairt agus d'fhás, ar an bpróiseas feidhmiúcháin, agus ar na rudaí bunúsacha a bhí mar dhúshraith faoi na roghanna a rinneadh agus an Straitéis á ceapadh. Féachann Straitéis 2020 le fás a bhaint amach atá *Cliste* (bunaithe ar na nuatheicneolaíocht), *Inbhuanaithe* (a chuireann an t-athrú aeráide agus an meath ar bhreoslaí iontaise san áireamh) agus *Cuimsitheach* (comhtháite agus cothrom ó thaobh na sochaí de). Neartú ar an straitéis sin is ea roinnt prionsabal, treoirlínte, spriocanna agus bearta gaolmhara, lena n-áirítear:

- Cúig phríomhsprioc a shocrú, lena n-áirítear gealltanas chun 20 milliún duine ar fud an AE a bhaint as an mbochtaineacht nó as baol na bochtaineachta laistigh de thréimhse deich mbliana.[9]

- Deich gcinn de Threoirlínte a ghlacfar chun tacú le cur i bhfeidhm Straitéis 2020, lena n-áirítear Treoirlíne 10 a bhraislíonn beartais frithbhochtaineachta le beartais fostaíochta, rud a chiallaíonn go dtuairisceofar a bhfeidhmiú agus dul chun cinn maidir leo laistigh de Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus go bhféadfaidís bheith mar ábhar le moltaí saintíre.

- Aithris 16, a cheanglaíonn ar gach gníomhaire, lena n-áirítear lucht pobail, bheith rannpháirteach i gceapadh na gClár Náisiúnta Athchóirithe faoi Straitéis 2020 na hEorpa.

- Ardán in aghaidh na Bochtaineachta a chruthú mar cheann amháin de sheacht gcinn de thionscadail suaitheanta chun Straitéis 2020 a chur ar aghaidh. Beidh feidhm Eorpach agus feidhm náisiúnta araon ag an Ardán in aghaidh na Bochtaineachta agus féachfaidh sé leis na príomh-gheallsealbhóirí ar fad a bhailiú le chéile, lena n-áirítear ionadaithe ón earnáil neamhrialtasach agus daoine bochta, chun na bearta agus na huirlisí atá ann cheana agus cinn nua a shlógadh chun Sprioc Bhochtaineachta 2020 a bhaint amach.

- Modh Comhordaithe Oscailte athneartaithe[10] (OMC) ar choimirce shóisialach agus ar chuimsiú sóisialta. Ar an modh seo a chuirtear cuid de bheartas an AE i bhfeidhm, seachas le treoracha, a cheanglaíonn comhlíonadh ar bhallstáit. Braitheann sé ar dhinimic an phiarphróisis, is é sin, go mbeidh fonn ar bhallstáit a bheith comhlíontach, nuálach agus fuinniúil i dtaca lena ndea-chleachtas féin a léiriú.

Ionstraim ar leith maidir le seachadadh Straitéis 2020 na hEorpa is ea an Clár Náisiúnta Athchóirithe (NRP), a cheanglaíonn ar rialtais náisiúnta pleananna a leagadh amach ina léireofar na deich dTreoirlíne a luadh thuas. Maidir le cur i bhfeidhm Straitéis 2020, tá ceaptha fás a thomhas sa *Suirbhé Bliantúil ar Fhás* (AGS) agus foghlaim fhrithpháirteach agus malartú a thomhas leis an Modh Comhordaithe Oscailte (OMC). Beidh tábhacht mhór le moltaí saintíre maidir le tosaíochtaí náisiúnta a shocrú.

9 Is iad na ceithre sprioc eile: Fostaíocht - 75% den lucht idir 20-64 bliain d'aois a bheith fostaithe; Nuáil - 3% d'Olltáirgeacht Bhaile an AE a bheith infheistithe i dtaighde & forbairt; An t-athrú aeráide/fuinneamh - gáis cheaptha teasa a bheith laghdaithe de 20-30% ar leibhéil na bliana 1990, 20% de mhéadú ar éifeachtúlacht fuinnimh, 20% d'fhuinneamh a bheith ag teacht ó fhuinneamh in-athnuaite; Oideachas – an ráta luathfhágála na scoile a bheith faoi bhun 10%, 40% den lucht idir 30-34 bliain d'aois a bheith ag críochnú oideachas 3ú leibhéal.

10 'Dlí bog' is ea an Modh Comhordaithe Oscailte, agus é comhdhéanta de threoirlínte, táscairí, tagarmharcáil agus comhroinnt an dea-chleachtais. Cuirtear i bhfeidhm é sna réimsí beartais atá fós faoi chúram rialtas náisiúnta.




Faraor, tá an ghéarchéim reatha airgeadais ag dul i bhfeidhm go mór ar na pleananna sin. I ndáiríre níl Straitéis 2020 na hEorpa ag feidhmiú níos mó mar bhonn le beartais agus gníomhaíochtaí an AE; an t-aon sprioc anois ná comhdhlúthú airgeadais agus is iad bearta déine an t-aon chur chuige ina leith sin. Ciallaíonn sé sin go rachaidh leibhéil bhochtaineachta in olcas. Cheana féin tá muinín á chailleadh ag daoine in institiúidí Eorpacha, rud a bhaineann an bonn dá éis dár muinín in institiúidí daonlathacha. Samhail nua-liobrálach is ea an tsamhail ar a bhfuil an iarracht chun comhdhlúthú airgeadais a bhaint amach bunaithe, d'ainneoin gur theip ar an gcur chuige sin go follasach le deireanas. Teastaíonn fás chun deireadh a chur le cúlú, ach ní féidir an fás sin a spreagadh agus bearta déine dá bhforchur ar an daonra.

Bíonn cuspóirí éagsúla in iomaíocht le chéile i gcónaí in institiúidí móra agus feicimid a thábhachtaí atá sé cur chuige níos cothromaithe a bheith againn i straitéis 2020 na hEorpa trí (1) cuimsiú sóisialta a líomhchóiriú ar shlí níos follasaí sna hArd-Stiúrthóireachtaí eile [11]; (2) tograí nua a cheapadh maidir leis na Cistí Struchtúracha (2014 go 2020) a léireoidh go bhfuil an Eoraip meáite ar dhul i ngleic i ndáiríre le sprioc na bliana 2020 do laghdú na bochtaineachta; agus (3) méadú a dhéanamh ar éilimh ó shaoránaigh agus ón tsochaí shibhialta ar bheartais a chosnaíonn na boicht agus a roinneann an t-ualach ar shlí níos cothroime.

11 Réimsí freagrachta nó ranna an Choimisiúin Eorpaigh

Ní mór tábhacht lárnach a thabhairt don bhochtaineacht agus don chuimsiú sóisialta sna hArd-Stiúrthóireachtaí feasta má tá an pátrún neamhchomhlíonta i gcás cuspóirí bochtaineachta le briseadh. Cúis díomá ab ea suirbhé measúnaithe EAPN ar Chláir Náisiúnta Athchóirithe na mballstát ó thaobh leorgacht na spriocanna a socraíodh, spriocanna ar cheart a bheith ar aon dul leis an sprioc aontaithe AE, agus freagairtí beartais a bheith á gceapadh[12]. I bhfianaise na dtorthaí laga go dtí seo, tá cúig thosaíocht liostaithe ag EAPN chun gníomh a dhéanamh maidir leo:

- **Tús áite a thabhairt d'fhás cuimsitheach i gcomparáid le déine trí bhochtaineacht a laghdú** – dhéanfadh sé sin an sprioc bhochtaineachta níos ciallmhaire agus níos feiceálaí. Níl bearta déine ag obair agus is dá dheasca atá breis daoine bochta ag teacht le bheith ann an t-am ar fad, rud a mhéadaíonn ar neamhdhaingne teaghlach agus pobal agus a chuireann bagairt faoi Shamhail Shóisialta na hEorpa. Ní mór measúnú níos córasaí a dhéanamh ar thionchar sóisialta na bhfreagairtí beartais ar an ngéarchéim sula socrófar bearta chun sprioc bhochtaineachta 2020 a bhaint amach. I dtús áite ina measc siúd ba cheart laghdú coiteann céatadáin a dhéanamh ar gach ceann de na trí tháscaire (bochtaineacht sheasmhach, díothacht agus baol na bochtaineachta) agus fo-spriocanna ar leith a shocrú do na grúpaí tosaíochta.

- **Beart nua bunaithe ar phacáiste spreagtha d'infheistíocht shóisialta.** D'athbhunódh beart dá shórt muinín tomhaltóirí sa gheilleagar agus muinín an phobail san AE agus sna ballstáit. Chun go n-éireoidh leis an tionscnamh seo, níor mhór féachaint ar choimirce shóisialach agus ar chórais leasa mar chobhsaitheoirí eacnamaíocha, go háirithe i bhfoirm beart ioncaim íosta a sholáthróidh bunleibhéal sóisialta. Tacaíonn sé le hioncam na daoine is boichte infheistíocht a dhéanamh i gcórais leasa agus coimirce toisc go ngineann an bhreis a chaitheann siad ar earraí bunúsacha éileamh intíre. D'fhéadfaí poist bhreise a chruthú ach an geilleagar sóisialta a úsáid chun cuspóirí comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach, mar is amhlaidh i gcás seirbhísí poiblí iompair, cúraim, sláinte, tithíochta agus fuinnimh a cheapadh.

- **An bhearna éagothroime a dhruidim** trí mhaoin a ghabháil le córais chánachais, go háirithe trí dhul i ngleic le himghabháil agus le seachaint cánach. Tá sé thar a bheith éagothrom go ngearrtar cion neamhréireach de na bearta déine orthu siúd a thuilleann ioncam íseal nó ioncam meánach. Laghdófaí costais shóisialta agus sláinte, rud a rachadh chun leasa do chách, ach sochaí níos cothroime a bheith bainte amach. Meicníocht éifeachtach is ea córais chánachais chun maoin a athdháileadh faoi mar is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach, má tá an toil ann chuige. Ach cáin idirbhirt a bheith tugtha isteach chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le cuimsiú sóisialta go príomha, d'fhéadfaí dul i ngleic le héagothroimí bunúsacha.

- **Bain úsáid as cistí lárnacha an AE chun bochtaineacht a laghdú** trí 20% den bhuiséad a chur i leataobh le haghaidh cuimsiú sóisialta. Deimhníonn an suirbhé *Eurobarometer* is déanaí go gcreideann 79% de mhuintir an AE gur cheart do Straitéis 2020 na hEorpa bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta a ghrádú mar thosaíocht uimhir a haon i dtaca le héalú as an ngéarchéim[13]. Ní cabhair é chuige sin na Cistí Comhtháthaithe a laghdú de 5%, mar mhalairt air sin dá gcuirfí 20% de Chiste Sóisialta na hEorpa i leataobh chun díriú ar bhochtaineacht agus ar chuimsiú sóisialta, ach treoirlínte soiléire ón gCoimisiún agus córais éifeachtachta meastacháin a bheith ag gabháil leo, d'fhéadfaí difear mór a dhéanamh do leibhéil bhochtaineachta. Ach cistiú ó Chiste Sóisialta na hEorpa a bheith ar fáil d'eagraíochtaí beaga cosmhuintire chun go bhféadfaidís tionscnaimh a fhorbairt ón mbun aníos bheadh éifeacht ardaitheach aige sin ar fhorbairt beartas in aghaidh na bochtaineachta sna ballstáit.

---

12 Fás Cuimsitheach a Sholáthar – croí nua a chur san Eoraip: anailís EAPN ar Chláir Náisiúnta Athchóirithe san Eoraip 2011 (EAPN, Samhain 2011)

13 Eurobarometer 75: Braistintí mhuintir na hEorpa ar staid an gheilleagair (lch. 16)

- **Iarracht dháiríre a dhéanamh chun feabhas a chur ar chuntasacht dhaonlathach** agus ar rannpháirteachas i Straitéis 2020 na hEorpa agus sa tsochaí shibhialta trí gheallsealbhóirí a mhealladh le bheith bainteach leo ar leibhéal os cionn an leibhéil íosta.  Chiallódh sé sin oibleagáidí Aithris 15 a chur i bhfeidhm trí rannpháirteachas na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha a neadú i ngach céim den Phlean Náisiúnta Athchóirithe agus sna tuarascálacha náisiúnta straitéiseacha ar choimirce shóisialach agus ar chuimsiú sóisialta. Bealach eile chun substaint a thabhairt d'Aithris 16 ná cistí Eorpacha agus náisiúnta a úsáid chun tacú le forbairt ardán agus fóram náisiúnta frithbhochtaineachta a chumasódh d' eagraíochtaí neamhrialtasacha frithbhochtaineachta a bheith rannpháirteach.  Ba cheart na AGS agus príomh-mholtaí Straitéis 2020 na hEorpa a bheith faoi réir díospóireacht dhaonlathach sna parlaimintí náisiúnta agus i bParlaimint na hEorpa, mar aon le díospóireacht bhliantúil ar dhul chun cinn, lena n-áirítear an sprioc bhochtaineachta agus rannchuidiú na straitéise foriomláine i leith fás cuimsitheach.  Ba cheart gur rannchuidiú sa díospóireacht seo a bheadh i dtorthaí an Choinbhinsiúin Bhliantúil faoin *Ardán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta.*

**6.2 D'achoimrigh Aiden Lloyd, Rapporteur na Comhdhála,** cuid de na saincheisteanna, tosaíochtaí agus moltaí ó na ceardlanna agus chuir ar fáil iad don seisiún iomlánaíoch.

Bhí daoine d'aon ghuth gur mór an tionchar atá ag an gcúlú eacnamaíochta ar an tsochaí agus gur boichte na boicht dá dheasca, ach go gceiltear é sin beagán faoi thionchar ginearálta an chúlaithe ar an daonra.  San iomlán, braitheadh gur cheart cloí leis an sprioc uaillmhianach reatha i leith na bochtaineachta, cé gur cheart smaoineamh ar thomhais nua a ghlacadh, amhail bochtaineacht sheasmhach[14]. Tháinig gairm ón urlár ar spriocanna a bheith imdhealaithe, agus fo-spriocanna a bheith socraithe do mhná agus do chatagóirí eile. Braitheadh, leis, gurbh fhearr raon spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun díriú ar an ngá láithreach atá le coimirce shóisialach agus le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht ó ghlúin go glúin.

Bhí tuairim láidir ann gur gá díriú ar an ilroinnt i mbeartas agus i seachadadh seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas trí chomhordú níos fearr agus trí straitéisí náisiúnta a nascadh. Lena chois sin, ba cheart go mbeadh na beartais náisiúnta sin bunaithe ar ghealltanas chun daoine faoi mhíchumas a chumhachtú, ionas gur féidir leo a gcuid dálaí maireachtála a athrú agus as sin a saol.

Bhraith mórchuid daoine go gcuirfeadh sé go mór leis na deiseanna atá ag daoine faoi mhíchumas struchtúr de chineál HIQA a bheith á leathnú go suíomhanna gairmoideachais agus oideachais.  D'fhéadfadh cumhachtaí reachtúla a dheonú don NAS bheith ina mhodh chun an toisc bhrú sin a sholáthar.

Ar théama na dífhostaíochta aontaíodh gur ar an Rialtas atá an cúram poist a chruthú agus cobhsaíocht na fostaíochta atá ann cheana a choimeád, trí thacú le daoine chun teacht a fháil ar phoist, ar oiliúint agus ar oideachas.  Sa mhéid sin, braitheadh nár mhór do sheirbhísí fostaíochta a bheith duinelárnach, mar a shamhlaítear le NEES, agus nasctha ar leibhéal rannach/polaitiúil; ach measadh nach dtarlóidh sé sin ach amháin trí dhul i gcomhairle le pobail, agus ní mór acmhainní a sholáthar do phobail chun gur féidir leo daoine agus seirbhísí a thabhairt níos gaire dá chéile.

Tá éiginnteacht mhór ann i gcás seanóirí i dtaca le ciorruithe buiséid, agus imní mar gheall ar bheith in ann teas/breosla a cheannach. Baineann an t-údar imní ginearálta sin le riocht agus caighdeán teirmeach na tithíochta, rud a d'fhéadfaí a fheabhsú le hiarfheistiú, agus trí dhearadh, caighdeáin agus rialáil níos fearr a cheapadh. Lena chois sin, tá imní ar dhaoine go dtiocfaidh méadú ar aonrú sóisialta agus ar choireacht de réir mar a théann an cúlú i bhfeidhm ar an bhfabraic shóisialta.

Ar deireadh, i gcás cúraim do sheanóirí, iarradh go ndéanfaí measúnú iomlánaíoch ar riachtanais, agus go gcuirfí seirbhísí ar fáil ar shlí níos comhtháite ag an am céanna.

---

14 Ciallaionn bochtaineacht sheasmhach céatadán na ndaoine faoin tairseach 'i mbaol bochtaineachta' sa bhliain reatha agus in dhá bhliain de na trí bliana deireanacha.




**6.3 Tháinig an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton T.D** isteach sa chruinniú sula bhfuarthas an t-aiseolas ó na ceardlanna. Chuir an tAire fáilte roimh an deis bheith i láthair le linn an aiseolais achoimre ón rapporteur chun go gcloisfeadh sí na tuairimí agus na húdair imní. Labhair an tAire faoi na dúshláin atá faoin Rialtas anois i gcomparáid leis na dúshláin a bhí ann nuair a ceapadh an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta* reatha sa bhliain 2007. Tá athrú as cuimse tagtha ar chomhthéacs an gheilleagair ó socraíodh na spriocanna sin: tá méadú ar dhífhostaíocht, tá teacht isteach laghdaithe ann agus is lú an t-ioncam atá ar fáil don Rialtas chun seirbhísí poiblí a mhaoiniú. Rud eile de, costas eile ar bhuiséad na Roinne sa bhliain reatha is ea an méadú ar dhífhostaíocht, méadú atá i bhfad níos mó ná mar a bhí súil leis.

San Eoraip táthar ag éileamh tobhach domhanda a ghearradh ar idirbhearta airgid chun sochar comhchoiteann a fháil ón gcaipitleachas atá ina fhórsa ceannasach i ngeilleagar an domhain. Ach cáin mar sin a bheith forchurtha bheadh ar ár gcumas aidhmeanna sóisialta Straitéis 2020 na hEorpa a bhaint amach, lena n-áirítear 20 milliún duine a ardú as an mbochtaineacht laistigh de thréimhse dheich mbliana.

Anseo ag baile ní mór dúinn bealaí cruthaitheacha agus bealaí éifeachtacha ó thaobh costais de a fhail chun fostaíocht a spreagadh agus úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní teoranta atá againn. Sampla amháin is ea an €74 billiún atá i gcistí pinsin na hÉireann. Tá 5% nó mór sin de infheistithe i gcistí fálaithe agus gheobhaidís toradh níos fearr ach infheistiú i bpobail. Spárálfaí airgead agus gheofaí toradh níos fearr do dhaoine ach seirbhísí a chur ar fáil mar mhalairt ar airgead tirim i gcásanna áirithe – mar shampla, ba cheart leabhair scoile a bheith á soláthar mar chuid dhílis den chóras oideachais.

Labhair an tAire faoi thábhacht an *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta* i dtaca le comhtháthú sóisialta a choimeád sna hamanna dúshlánacha seo. D'ainneoin an athraithe mhóir ar chúinsí, tá

an Rialtas tiomanta i gcónaí do spriocanna an *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta* a bhaint amach agus do shochaí atá cuimsitheach go sóisialta agus cothrom a chur i gcrích. “Na seirbhísí a chuireann mo Roinn ar fáil, tá tionchar acu ar shaol gach duine sa Stát, nach mór, agus is eol dom go maith i gcás formhór mór na ndaoine a iarrann tacaíocht ar mo Roinn, nach raibh baint dá laghad acu le cruthú na géarchéime airgeadais seo. Agus cinntí fíordheacra le déanamh laistigh de na srianta móra ar airgeadas atá curtha orainn, tá an Rialtas meáite ar a dhícheall a dhéanamh chun na daoine is leochailí sa tsochaí seo a chosaint.”

Mar fhocal scoir, ghabh an tAire buíochas le daoine as a gcuid rannchuidithe agus dhírigh sí go sonrach ar na príomhphointí a thuairiscigh an rapporteur. Ina bhfianaise sin dúirt sí gur mian léi a dhearbhú do dhaoine go bhféachfaí go cúramach ar na pointí sin sa Roinn agus i ngrúpa na oifigeach sinsearach ar bheartas sóisialta. D’fhéachfadh sí chuige go gcuirfí a comhghleacaithe sa Chomh-Aireacht agus san Oireachtas ar an eolas mar gheall ar imeachtaí an lae, agus go gcuirfí príomh-mholtaí na tuarascála faoina mbráid.

**6.4 Chuir Orlaigh Quinn, Rúnaí Cúnta, An Roinn Coimirce Sóisialaí,** deireadh leis na himeachtaí trí bhuíochas a ghabháil leo siúd ar fad a ghlac páirt sna cruinnithe ullmhúcháin agus san Fhóram féin. Ghabh sí buíochas ar leith le pobal Fatima as saoráid F2 a chur ar fáil de thoradh iarracht mhór pobail, áis a bhí fóirsteanach amach is amach don Fhóram. Ghabh sí buíochas le cainteoirí, le héascaitheoirí, leo siúd a bhreac nótaí, le rapporteur an Fhóraim agus go háirithe leo siúd a bhí rannpháirteach agus ghuígh sí slán abhaile ar chách.

Social Inclusion Division
Department of Social Protection
Gandon House, Floor 1
Amiens Street
Dublin 1